NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

## An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ ..... 3

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I NGNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE DE CHUID NA HARDTEISTIMÉIREACHTA ..... 4

FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA ..... 4

PRÓISEAS CHUN AN TIONSCADAL GNÍOMHAÍOCHTA A CHUR I GCRÍCH ..... 5

Céim 1: Machnamh a dhéanamh ar an treoir ..... 6

Céim 2: Taighde a dhéanamh ar an topaic sa treoir ..... 7

Céim 3: Taighde a dhéanamh ar ghníomh a rinne daoine eile ..... 7

Céim 4: Cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar leith chun aghaidh a thabhairt uirthi ..... 8

Céim 5: Plean gníomhaíochta a chruthú ..... 8

Céim 6: Gníomh a dhéanamh ..... 9

Céim 7: Machnamh agus meastóireacht ..... 10

Céim 8 *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* a thabhairt i gcrích ..... 11

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH AN TIONSCADAIL GNÍOMHAÍOCHTA ..... 12

Tuairisceoirí Cáilíochta ..... 13

RÓL AN MHÚINTEORA ..... 15

AGUISÍNÍ ..... 17

Aguisín 1: Ceisteanna leide molta chun tacú leis an scoláire sa phróiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích ..... 17

Aguisín 2: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh ..... 18

# Réamhrá

Tugtar an méid seo a leanas sa cháipéis seo, *Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta*:

- sonraí faoi chineál agus raon an Tionscadail Gníomhaíochta mar a thugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta
- treoir don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir le Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach
- faisnéis ar an ról atá ag an scoil agus an múinteoir chun tacú leis an scoláire leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Gníomhaíochta

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh an ábhair Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta atá ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/climate-action-and-sustainable-development/

I dtéarma 2 de bhliain 1, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir go bliantúil don Tionscadal Gníomhaíochta.

## Measúnú don Teistiúchán i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Tá measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhm agus torthaí foghlama shonraíocht an ábhair Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil Tionscadal Gníomhaíochta i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Beidh an Tionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar threoir chomónta agus déanfar measúnú air ag an leibhéal ag a ndéanann an scoláire an scrúdú scríofa deiridh. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.


| Comhpháirt measúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Gníomhaíochta | 40% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

## Forléargas ar an Tionscadal Gníomhaíochta

Tugann an Tionscadal Gníomhaíochta deis don scoláire tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar choincheapa agus ar phrionsabail a d'fhoghlaim tríd an gcúrsa, agus, ag an am céanna, úsáid a bhaint as na straitéisí praiticiúla agus an smaointeoireacht a d'fhorbair sé tríd an gcúrsa chun gníomh éifeachtach a dhéanamh i réimse an Ghníomhaithe Aeráide agus na Forbartha Inbhuanaithe Is féidir príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt tríd an bhfoghlaim ar fad sa chúrsa seo, agus cuirfear na príomhinniúlachtaí sin i bhfeidhm trí rannpháirtíocht an scoláire sa Tionscadal Gníomhaíochta. Tugann an Tionscadal Gníomhaíochta deis don scoláire tógáil ar a thaithí go dtí seo agus ar an bhfoghlaim ar thorthaí foghlama a bhaineann le snáithe na dTascanna Foghlama Feidhmí a chur in iúl, chomh maith le torthaí foghlama ó na snáitheanna eile de réir mar is cuí ó thaobh na treorach de.

Tabharfaidh an scoláire faoi ghníomh dá rogha féin a bhaineann le topaic laistigh den treoir, a eiseoidh CSS gach bliain. Cé go bhféadfadh go bainfidh an scoláire úsáid as agus a bheith ag obair le daoine eile agus a Thionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh aige, leagann sé a chuid fianaise ar fhoghlaim isteach agus déanfar measúnú aonair uirthi. Déanfaidh sé taighde agus cur síos ar shaincheist a bhaineann le topaic laistigh den treoir, agus aithneoidh sé bealaí a ndeachaigh daoine eile i ngleic le saincheist den chineál céanna. Bainfidh sé leas as an bhfoghlaim seo chun gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. I rith an

phróisis, bainfidh sé úsáid as agus cuirfidh sé na straitéisí agus an smaointeoireacht a d'fhoghlaim sé i rith an chúrsa i bhfeidhm chun gníomh a eagrú agus a dhéanamh. Beifear ag súil go ndéanfaidh sé measúnú ar obair a rinneadh ar a thionscadal gníomhaíochta agus go ndéanfaidh sé machnamh ar an eispéireas. Ar chur i gcrích an tionscadail, ní mór don scoláire aighneacht aonair a chur ar fáil ar a Thionscadal Gníomhaíochta i *nDialann an Tionscadail Gníomhaíochta* i bhfoirm atá leagtha síos ag CSS.




*Fíor 1. Forbhreathnú ar an bpróiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích*

# Próiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích

Tá an Tionscadal Gníomhaíochta ceaptha ar dhóigh le go gcomhtháthaítear go nádúrtha é i dteagasc agus i bhfoghlaim laethúil sna seomraí ranga. Tríd a staidéar ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta, bíonn deiseanna ag an scoláire go minic eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt a bhaineann le cur i gcrích an Tionscadail Gníomhaíochta. Tá plé leis na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí mar chuid de na deiseanna sin. Is lionsa iad na TFFanna trínar féidir leis an scoláire blaiseadh a fháil de chuid den fhoghlaim ó na trí shnáithe eile den tsonraíocht. I rith na dtascanna sin, foghlaimíonn an scoláire scileanna éagsúla, ina measc éascú, taighde a dhéanamh, plé le sonraí, pleanáil, dearadh, agus

meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha. Tríd a theagmháil le torthaí foghlama na sonraíochta, forbraíonn an scoláire tuiscint ar nádúr an ghnímh, agus ar a bhfuil i gceist le gníomhaíocht éifeachtach freisin. Cuireann sé sin ar fad le tuiscint an scoláire ar an Tionscadal Gnímh agus a rannpháirteachas leis.

Meastar go dtógfaidh an Tionscadal Gníomhaíochta suas le 20 uair an chloig le cur i gcrích. Mar gheall ar an tráth bliana a eisíonn CSS an treoir, chomh maith leis an tréimhse leathan a thugtar lena chur i gcrích, cuirtear ar chumas an mhúinteora agus an scoláire pleanáil le haghaidh rannpháirtíocht leis an Tionscadal Gníomhaíochta ar bhealach a nascann leis an gcaoi a bhfuil an scoláire ag fáil blaiseadh de thorthaí foghlama na sonraíochta.

Sula dtosaíonn an scoláire ag plé leis an treoir, ba cheart deiseanna a thabhairt dó an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bheidh ag teastáil uaidh agus a úsáidfidh sé don Tionscadal Gníomhaíochta a fhorbairt. Is é an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh ná nuair a chomhtháthaíonn an múinteoir na TFFanna ina theagasc agus ina fhoghlaim ar ábhair éagsúla. Moltar go gcuirfear na tascanna i gcrích ar thopaicí éagsúla, fiú iad siúd nach mbaineann leis an treoir, mar go gcuideoidh sé sin leis an scoláire a bheith in ann an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn sé a aistriú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh gur mian leis an scoláire foghlaim óna TFFanna a leathnú nó a mhodhnú chun ailíniú leis an topaic sa treoir. Is féidir tús a chur leis an obair seo ó Bhliain 1 téarma 1 roimh na saincheisteanna treorach, agus tar éis an treoir a bhreithniú, toisc go bhfuil leibhéal ard neamhspleáchais ag scoileanna agus iad ag cinneadh cathain ba cheart an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh.

Leagtar amach sna codanna a leanas na céimeanna a bhaineann leis an bpróiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích. Sonraíonn na céimeanna seo an t-ord dóchúil a leanfaidh an scoláire agus é ag dul ar aghaidh tríd an Tionscadal Gníomhaíochta. Bíodh is gur féidir leis an scoláire a bheith ag comhoibriú le scoláirí eile chun gnéithe áirithe dá Thionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích, cuirfear *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dá chuid isteach agus déanfar measúnú air ina haonar. I bhfianaise nádúr atriallach an phróisis, féadfaidh an scoláire dul siar agus aniar idir céimeanna éagsúla de réir mar a dhéanann sé machnamh ar a chuid oibre, í a bheachtú agus a fhorbairt. Tugtar amlíne tháscach maidir le críochnú gach céime sa chuid ábhartha i gcás gach céime. Braithfidh an t-achar ama is gá chun gach céim a chur i gcrích ar chineál na treorach in aon bhliain ar leith.

## Céim 1: Machnamh a dhéanamh ar an treoir

Beidh topaic a bhaineann le réimse foghlama sa tsonraíocht mar fhócas don Tionscadal Gníomhaíochta sa treoir ó CSS. Roghnóidh an scoláire saincheist laistigh den topaic ar a ndíreoidh sé. Ar an gcéad dul síos, breithneoidh an scoláire an topaic i gcomhthéacs na treorach agus an méid atá ar eolas aige cheana féin óna theagmháil leis an ábhar, a thuiscint ar an topaic óna spéiseanna ar scoil agus/nó ábhar spéis eile, agus a fheasacht ar an topaic sa tsochaí níos leithne. Breithneoidh an scoláire ansin cad iad na foinsí a d'fhéadfadh sé a úsáid chun tuilleadh eolais a fháil faoin topaic. Meastar go dtógfaidh an chéim seo suas le uair an chloig.

## Céim 2: Taighde a dhéanamh ar an topaic sa treoir

Tar éis don scoláire breithniú a dhéanamh ar an topaic agus ar riachtanais na treorach, déanfaidh sé taighde cúlra ar an topaic. Meastar go dtógfaidh an chéim seo suas le uair an chloig. Cuirfidh sé eolas ar an topaic agus ar an tábhacht a bhaineann leis san ábhar. Aithneoidh an scoláire roinnt samplaí de ghníomh a rinne daoine eile maidir leis an topaic agus roghnóidh sé ceann de na gníomhartha sin chun imscrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh. D'fhéadfadh na ceisteanna leide seo a leanas cabhrú leis an scoláire ina chuid taighde ar an topaic:

- Cad atá mé ag iarraidh a fháil amach faoin topaic?
- Cad atá ar eolas agam faoin topaic cheana féin?
- Cén t-eolas atá de dhíth orm?
- Cén áit inar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

## Céim 3: Taighde a dhéanamh ar ghníomh a rinne daoine eile

Déanfaidh an scoláire taighde aonair ar ghníomh a rinne daoine eile. Meastar go dtógfaidh an chéim seo 1-2 uair an chloig. Ba cheart an gníomh a roghnaítear le haghaidh taighde a bheith sonrach agus ábhartha don topaic sa treoir. D'fhéadfaí a áireamh sa taighde ar ghníomh a rinne daoine eile fiosrú a dhéanamh ar cá háit agus cathain a tharla an gníomh, cén fáth ar roghnaíodh an gníomh sonrach, conas a rinneadh é, srl.  Breithneoidh an scoláire ar éirigh leis an ngníomh an aidhm a bhaint amach nó nár éirigh, agus déanfaidh sé machnamh ar ábharthacht an mhéid atá faighte amach aige dá Thionscadal Gníomhaíochta féin.

Trína chuid taighde, soiléireoidh an scoláire conas a théann an gníomh ar tugadh faoi i ngleic le bunchúis/bunchúiseanna saincheiste a bhaineann leis an topaic sa treoir. Sainaithneoidh sé straitéisí a úsáideann daoine eile chun dul i mbun gnímh chun dul i ngleic leis an tsaincheist chéanna nó le saincheist atá cosúil leis an ceann atá á roghnú aige mar fhócas dá Thionscadal Gníomhaíochta. Tacóidh sé sin leis an scoláire straitéisí a roghnú ar mhaith leis tabhairt fúthu i gceapadh a phlean gníomhaíochta.

Agus é i mbun a chuid taighde, baileoidh an scoláire fianaise ó fhoinsí éagsúla bailí iontaofa ar nós suíomhanna gréasáin ar a bhfuil a bhfuil dea-chlú, ailt i nuachtáin, irisleabhair nó irisí, nó aon fhoinse chuí eile. D'fhéadfaí a áireamh sna foinsí torthaí ó thuairiscí, fianaise ó bhéal, eolas áitiúil, breathnuithe allamuigh ón bpobal áitiúil, sonraí tánaisteacha agus breathnuithe a tógadh ó imeachtaí agus turais allamuigh. Tá sé tábhachtach don scoláire taifead a choinneáil ar mhionsonraí na bhfoinsí eolais a bhaileofar lena chinntiú go bhféadfar a n-iontaofacht agus a gcáilíocht a mheas (ábharthacht, cruinneas agus claontacht) agus gur féidir tagairt chuí a dhéanamh do na foinsí eolais sin i n*Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dá chuid.
Tá tuilleadh eolais maidir le tagairt a dhéanamh d'fhoinsí le fáil in Aguisín 2.

Nuair a bhíonn dea-chleachtas taighde i bhfeidhm déantar athbhreithniú, achoimriú agus measúnú ar fhianaise ó thuairimí difriúla. Leis sin bítear in ann tuairim faoina bhfuil bonn eolais agus lena

bhfuil údar maith a thabhairt. Beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire a chuid taighde ar bhealach freagrúil, sábháilte agus eiticiúil agus go ndéanfaidh sé bradaíl a sheachaint.

## Céim 4: Cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar leith chun aghaidh a thabhairt uirthi

Anois go bhfuil níos mó eolais ag an scoláire ar an gcúlra agus gur bhreathnaigh sé go sonrach ar ghníomh a rinne daoine eile i ndáil leis an topaic, déanfaidh sé cinneadh ar shaincheist ar mhian leis aghaidh a thabhairt uirthi trí ghníomh. Meastar go dtógfaidh an chéim seo 1-2 uair an chloig. Ar an gcéad dul síos, breithneoidh sé an scéal ar fad maidir leis an tsaincheist agus an fhís atá aige maidir leis an gcaoi a bhfeabhsófar an todhchaí nuair a thabharfar aghaidh ar an tsaincheist seo. D'fhéadfadh na leideanna seo a leanas cabhrú leis an scoláire cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar mian leis díriú uirthi:

- Cén fhís atá agam don chaoi a dtabharfar aghaidh ar an tsaincheist seo?
- Cad atá ag cur cosc ar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist faoi láthair?
- Cad a tharla go bhfuil cúrsaí mar atá siad anois?
- Cén dóigh a mbaineann an tsaincheist seo leis an ábhar sa treoir?
- Conas a bhraitheann daoine eile faoin tsaincheist? Conas a bhraithim féin faoi?
- Cad go díreach ba mhaith liom a bheith ag obair ina threo?

Ag an tráth seo, ba cheart go mbeadh an scoláire ag tosú ar smaointe a cheapadh maidir le cén gníomh is mian leis a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. Ba cheart don scoláire a bheith an-chúramach nuair atá saincheist á roghnú le haghaidh a thabhairt uirthi. Beidh ar an scoláire a bheith in ann údar a thabhairt leis an gcaoi a bhfuil an tsaincheist ar mian leis aghaidh a thabhairt uirthi ailínithe leis an topaic agus le riachtanais na treorach agus gur rud é a dhéanfaidh sé iarracht a bhaint amach trí ghníomh.

## Céim 5: Plean gníomhaíochta a chruthú

Nuair a bheidh cinneadh déanta maidir leis an tsaincheist chun aghaidh a thabhairt uirthi agus nuair a bheidh fís ag an scoláire ar mian leis oibriú ina treo, leagfaidh sé síos cuspóirí sonracha agus breithneoidh sé conas tabhairt faoi iad a bhaint amach. Is éard atá i gceist leis an gcéim seo ná pleanáil do ghníomh an scoláire. Moltar gur cheart do scoláire plean gníomhaíochta a fhorbairt chun cabhrú leis sa phleanáil seo.  Ní bheadh plean gníomhaíochta le cur faoi bhráid CSS ach d'fhéadfadh sé cabhrú leis an scoláire freisin agus *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dá chuid á fhorbairt aige. Meastar go dtógfaidh an chéim seo 3-5 uair an chloig. Ba cheart don scoláire cúlra agus comhthéacs a Thionscadail Gníomhaíochta a mheas, lena n-áirítear an suíomh atá i gceist. Chun cabhrú lena phleanáil d'fhéadfadh na leideanna molta seo a leanas cuidiú leis scoláire:

- Cá bhfuil mo ghníomh á dhéanamh agus cén tréimhse ama atá i gceist leis?
- Cad iad cuspóirí sonracha mo phlean gníomhaíochta?
- Cén nasc atá idir mo phlean gníomhaíochta agus mo thaighde roimhe seo?
- Cad iad na tascanna atá ag teastáil le go mbainfear na cuspóirí sin amach?

- Cé atá páirteach i ngach tasc a dhéanamh?
- Cad a ndíríonn gach tasc air? Cén lucht(anna) féachana/éisteachta atá i gceist?
- Cad iad na hacmhainní/scileanna atá ag teastáil?
- Cad é an tréimhse ama le gach tasc a chríochnú?
- Conas a dhéanamh mé monatóireacht agus taifead ar mo dhul chun cinn?
- Cén cineál fianaise a bhaileoidh mé chun tionchar an ghnímh a léiriú?
- Cén chaoi a mbaileoidh mé an fhianaise sin?

Ba cheart don mhúinteoir a bheith ar an eolas faoin ngníomh atá á phleanáil ag an scoláire d'fhonn a chur in iúl an bhféadfadh aon fhadhbanna a bhaineann le rochtain, sláinte agus sábháilteacht, toiliú agus cosaint sonraí teacht chun cinn. D'fhéadfadh go mbeadh cead de chineál éigin ag teastáil ón scoláire chun tabhairt faoin ngníomh atá roghnaithe aige, mar shampla, óna mhúinteoir, scoil, eagraíocht phobail, gnólachtaí, nó ó eagraíochtaí nó ó ghrúpaí eile a bhfuil sé ag plé leo. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh cead nó toiliú a bheith ag teastáil ón scoláire chun oibriú le daoine agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an múinteoir tacaíocht a thabhairt dó sin nó a bheith i gceannas air.

Má bhaineann an gníomh le tascanna a dhéanamh lasmuigh d'uaireanta scoile nó lasmuigh de thailte scoile, ba cheart don scoláire a chinntiú go bhfuil gach cead riachtanach aige agus go gcloínn sé leis na treoirlínte eiticiúla agus sábháilteachta go léir a comhaontaíodh i gcomhairle leis an scoil. Ní mór don mhúinteoir aon obair atá á cur i gcrích lasmuigh de shuíomhanna scoile, agus nach bhfuil á maoirsiú ag an múinteoir, a fhíordheimhniú trí athbhreithniú leanúnach ar obair an scoláire i gcomhar le maoirseacht ar ghnéithe den obair a rinneadh ar scoil.

## Céim 6: Gníomh a dhéanamh

Nuair a bheidh a phlean réidh, rachaidh an scoláire i mbun an plean a chur i bhfeidhm chun freagairt don topaic agus riachtanais na treorach. Meastar go dtógfaidh an chéim seo 6-10 uair an chloig. De réir mar a dhéanann an scoláire a ghníomh, tá sé tábhachtach nótaí nó taifid den phróiseas a choinneáil chun tacú le tuiscint bharántúil ar an gcaoi a ndearnadh dul chun cinn ar an ngníomh. Cuideoidh sé sin leis an scoláire i gcinnteoireacht leanúnach, chomh maith le tacú le meastóireacht agus machnamh.

Ar na samplaí de mhíreanna a d'fhéadfadh an scoláire a choinneáil mar nótaí nó taifid, tá:
- foinsí agus achoimrí d'fhaisnéis chúlra
- ceisteanna agus hipitéisí tosaigh agus beachtaithe atá ag treorú na ngníomhartha
- na modhanna bailithe sonraí a úsáideadh, má bhíonn gá leis
- nótaí maidir le haon chinntí agus gníomhartha tábhachtacha
- ábhair mhachnaimh an scoláire
- botúin a rinneadh agus cinntí i gcomhair feabhsúcháin
- aon choigeartuithe ar an bplean bunaidh agus an chúis leis.

Ní bheidh na nótaí, na taifid, srl., sin le cur faoi bhráid CSS ach beidh siad úsáideach don scoláire agus *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dá chuid á forbairt aige. D'fhéadfadh cuid acu a bheith úsáideach mar fhianaise ar an obair a rinne sé agus chun machnamh a dhéanamh ar an tionscadal agus é a mheas. Beidh siad úsáideach freisin don mhúinteoir chun an obair a fhíordheimhniú mar obair an scoláire. Is féidir leis an múinteoir a iarraidh ar an scoláire obair a roinnt go rialta i gcaitheamh an Tionscadail Gníomhaíochta, rud a thacóidh leis an múinteoir sa phróiseas leanúnach fíordheimhnithe d'obair an scoláire.

Tá sé riachtanach don scoláire cineálacha fianaise a ghabháil i gcaitheamh an Tionscadail Gníomhaíochta. Ag brath ar an gcineál gnímh a dhéanann sé, d'fhéadfadh an fhianaise nó an cineál fianaise a bhailítear a bheith difriúil. Ba cheart d'aon fhianaise a bhailítear príobháideachas a chinntiú agus cloí leis na cleachtais is fearr maidir le cosaint sonraí. Beidh an próiseas iomlán a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích faoi réir phrótacail cosanta sonraí na scoile, RGCS ina measc.

D'fhéadfadh sé go mbeadh bailiú sonraí ar bhealaí éagsúla i gceist le roinnt gníomhartha. Ba cheart don scoláire, le tacaíocht agus treoir óna mhúinteoir, sonraí a bhailiú ar bhealach sábháilte agus go freagrach agus trí threalamh agus foinsí cuí a úsáid. Má tá an scoláire ag bailiú sonraí taobh amuigh de shuíomh an tseomra ranga, agus nach bhfuil sé á mhaoirsiú ag an múinteoir, ní mór dó fianaise leormhaith a sholáthar a shásóidh a mhúinteoir gur leis féin an obair agus go ndearnadh é ar bhealach freagrach, sábháilte agus eiticiúil.

Féadfaidh an scoláire a phlean gníomhaíochta bunaidh a choigeartú agus an gníomh á dhéanamh aige. D'fhéadfadh sé sin tarlú ar chúiseanna éagsúla, ar nós deiseanna a thagann chun cinn, léargais nua a fhaightear ó thaighde agus/nó bailiú sonraí. Ba cheart aon chinntí a dhéantar chun athrú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta bunaidh a dhoiciméadú ina nótaí agus ina thaifid agus ba cheart údar cuí a bheith leo chun tacú lena mhachnamh. Bíodh is go ndéanfaidh an scoláire meastóireacht ar a Thionscadal Gníomhaíochta ag an deireadh, ba cheart cleachtas machnamhach a úsáid i rith gach céime den phróiseas. Má dhéantar machnamh tríd an ngníomh agus ar an ngníomh i rith a Thionscadail Gníomhaíochta, beidh an scoláire in ann a chuid claontachtaí a sheiceáil go leanúnach, coigeartuithe a aithint atá riachtanach agus na coigeartuithe sin a dhéanamh. Cabhraíonn sé leis an scoláire freisin le hiarracht leanúnach a dhéanamh i dtreo cinnteoireacht ionchuimsitheach trí mhachnamh a dhéanamh i gcónaí ar a luachanna agus ar luachanna daoine eile a mbíonn sé ag plé leo trína ghníomh.

## Céim 7: Machnamh agus meastóireacht

Nuair a bheidh an gníomh curtha i gcrích, breathnóidh an scoláire siar ar a chuid nótaí, déanfaidh sé athbhreithniú ar a chuid torthaí agus machnamh ar an bpróiseas leis féin. Meastar go dtógfaidh an chéim seo 2-3 uair an chloig. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar thorthaí a thionscadail gníomhaíochta i dtaobh thopaic agus riachtanais na treorach. Trí eolas agus tuiscint a fuarthas óna

thaighde agus an gníomh a dhéanamh a thabhairt le chéile, ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar an tionscadal agus é a mheas, ag smaoineamh ar réimsí amhail:

- a mhéid a d'éirigh leis an ngníomh aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a roghnaíodh agus obair i dtreo na físe a roghnaigh an scoláire
- aon choigeartuithe a rinneadh ar an bplean gníomhaíochta bunaidh agus na cúiseanna a bhí leis na coigeartuithe sin
- aon teorainneacha nó srianta a aimsíodh tar éis machnamh a dhéanamh ar an ngníomh a rinneadh
- conas a d'fhéadfaí an Tionscadal Gníomhaíochta a fheabhsú dá ndéanfadh an scoláire arís é (d'fhéadfadh go mbainfeadh sé sin le taighde, pleanáil nó an gníomh a dhéanamh)
- a shuntasaí atá an tionscadail maidir le shaincheisteanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe.
- aon tionchair a bhíonn ag torthaí an tionscadail ar luachanna an scoláire, nó ar iompraíochtaí daoine eile, a bhaineann leis an topaic sa treoir
- conas a bhain an scoláire tairbhe as/nó a d'fheabhsaigh sé a eolas, scileanna, luachanna nó meonta agus an gníomh á dhéanamh.

## Céim 8 *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* a thabhairt i gcrích

Cuirfidh an scoláire fianaise ar fhoghlaim isteach trí *Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dhigiteach.  Bíodh is go leanfaidh an scoláire próiseas le haghaidh taighde, pleanála, ceapadh agus an gníomh a chur i gcrích, déantar measúnú ar an Tionscadal Gníomhaíochta trí inneachar *Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta* amháin. Is féidir tús a chur le *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* a scríobh ó thús an phróisis. Samhlaítear go bhforbróidh an scoláire rannóga na dialainne mar chuid de phróiseas atriallach le hábhair mhachnamh, rud a chabhróidh leis an méid a d'fhéadfadh a bheith scríofa aige cheana féin a chur in eagar. Ba cheart do *Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta* cuntas barántúil a sholáthar ar ar tharla nuair a bhí an Tionscadal Gníomhaíochta ar bun, lena n-áirítear aon torthaí a raibh nó nach raibh coinne leo.

Nuair a bheidh gach céim eile críochnaithe, ba cheart don scoláire *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* dhigiteach dá chuid a thabhairt chun críche ionas go mbeidh sé ina chuntas cruinn ar an obair a rinne sé mar chuid dá Thionscadal Gníomhaíochta agus go gcomhlíonfaidh sé riachtanais uile na treorach.

## Formáid agus Cur Isteach an Tionscadail Gníomhaíochta

Beidh ar an scoláire *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* a fhorbairt agus a chur isteach mar chuid dá Thionscadal Gníomhaíochta. Cuirfear *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* i láthair i bhformáid a leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) síos.

Ní mór gach obair a dhéantar mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích faoi dháta ar leith. Socróidh CSS an dáta sin agus cuirfear in iúl do scoileanna é agus áireofar é freisin sa treoir a eisítear i dtéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa.

Ní mór *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* a chur isteach de réir na dtreoracha a thugann CSS. Beidh faisnéis shonrach sna treoracha sin, amhail líon na bhfocal, líon na n-íomhánna atá incheadaithe, an struchtúr riachtanach agus ceannteidil na rannóige, méid an chomhaid, srl.

Is féidir leis an scoláire rogha a dhéanamh idir tacú le próiseas nó torthaí a Thionscadail Gníomhaíochta, é a shoiléiriú nó fianaise a chur ar fáil ina leith trí úsáid a bhaint as íomhánna amhail léaráidí, sceitsí, graif, cairteacha, táblaí, grianghraif, srl.

Tá ar an scoláire tagairtí a thabhairt chun aitheantas a thabhairt don úsáid a baineadh as aon obair atá ina thionscadal ach nach obair dá chuid féin é. Tá sonraí maidir le tagairt a dhéanamh agus tagairtí a úsáid le fáil in Aguisín 2.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur obair dá chuid í an obair ar fad a chuireann an scoláire isteach lena measúnú. Is sárú suntasach ar rialacháin é má chuireann aon scoláire obair isteach nach bhfuil curtha i gcrích go hiomlán ag an scoláire sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, suas go dtí go gcoinneofar siar na torthaí gaolmhara agus é sin san áireamh.

Tá próiseas fíordheimhnithe láidir lárnach chun sláine aon phróisis measúnaithe a chinntiú. Tá fíordheimhniú scoilbhunaithe an mhúinteora ar obair an scoláire ar a Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis riachtanach chun measúnú cóir agus cothrom a dhéanamh ar an obair sin. Cé nach bhfuil sé indéanta ná riachtanach don mhúinteoir gach gné d'obair an scoláire a fheiceáil, ní mór don mhúinteoir a bheith sásta go bhfuil an obair déanta ag an scoláire féin. Trí theagmháil rialta, chuimsitheach le hobair gach scoláire ar a Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, beidh an múinteoir in ann aon obair atá á cur isteach lena measúnú a fhíordheimhniú go muiníneach agus go dlisteanach.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir le glacadh léi. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige seo i gcás an Tionscadail Gníomhaíochta ar fáil sa treoir, agus i gcáipéisí eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

## Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal amach sa Tionscadal Gníomhaíochta. Go háirithe, éilíonn an Tionscadal Gníomhaíochta go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- An gníomh a phleanáil agus a dhéanamh
- Cumarsáid
- Machnamh.

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| An gníomh a phleanáil agus a dhéanamh | téann sé i ngleic go críochnúil leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé, déanann sé go leor córais idirnasctha a mheas agus déanann sé measúnú ar raon leathan d'fhoinsí iontaofa chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích. Tá na straitéisí a bhaineann le gníomh éifeachtach a dhéanamh cuí, bailí, roghnaítear iad agus cuirtear i bhfeidhm iad | téann sé i ngleic go maith leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé, déanann sé raon meonta a mheas agus baineann sé úsáid as raon d'fhoinsí iontaofa chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích. Roghnaítear agus cuirtear straitéisí chun gníomh a dhéanamh i bhfeidhm. | téann sé i ngleic leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé go pointe áirithe, déanann sé roinnt meonta a mheas chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích Ní roghnaítear straitéisí le gníomh a dhéanamh. |
| Cumarsáid | déanann sé cumarsáid i rith an phróisis sna foirmeacha is soiléire agus is oiriúnaí, léiríonn sé tuiscint agus mothálacht i leith an phobail/na bpobal ar mian leis dul i bhfeidhm orthu agus teagmháil a dhéanamh leo. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht sheasmhach agus chomhleanúnach i gcur i láthair faisnéise ar ardchaighdeán. | déanann sé torthaí a thionscadail a chur in iúl go soiléir agus i bhfoirmeacha éagsúla, agus an tionchar a imríonn a chuid cumarsáide ar phobal/phobail á chur san áireamh. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht atá measartha seasmhach agus comhleanúnach i gcur i láthair maith faisnéise. | baineann sé úsáid as foirmeacha cumarsáide doiléire maidir le torthaí a thionscadail. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht neamhsheasmhach agus neamhleanúnach i gcur i láthair teoranta faisnéise. |
| Machnamh | tugann sé faoi mhachnamh meáite i rith an tionscadail, cuireann sé an próiseas agus an t-eispéireas a bhain leis an tionscadal a chur i gcrích i gcomhthéacs laistigh de shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. | déanann sé machnamh ar an gcaoi a bhfuil baint ag próiseas agus eispéireas an tionscadail a chur i gcrích le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe. | déanann sé naisc theoranta idir an bhaint atá ag próiseas agus eispéireas an tionscadail gníomhaíochta a chur i gcrích le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe. |

*Tábla 1. Tuairisceoirí Cáilíochta: Tionscadal Gníomhaíochta*

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'obair an scoláire ar an Tionscadal Gníomhaíochta agus é a mhaoirsiú.  Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a mhéadú oiread agus is féidir don scoláire chun torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.  Tá teagmháil le Tascanna Foghlama Feidhmí (TFFanna) de Shnáithe 4 ríthábhachtach i dtaobh ullmhacht an scoláire lena Thionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích.

De bharr eisiúint na treorach ó CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon, tugtar deis don mhúinteoir ceanglais agus ábhar na treorach a threorú ó chéim luath foghlama san ábhar.  Éascóidh sé an múinteoir freisin agus é ag pleanáil leis an Tionscadal Gníomhaíochta a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais na treorach ar an Tionscadal Gníomhaíochta a shoiléiriú
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag an treoir a d'eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit don Tionscadal Gníomhaíochta le sonraíocht an ábhair Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- sainaithint a dhéanamh ar aon réimsí ar leith den tsonraíocht ar féidir gur gá don scoláire plé leo chun tabhairt faoin Tionscadal Gníomhaíochta
- a áirithiú go mbeidh an scoláire feasach ar na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an Tionscadal Gníomhaíochta
- ceisteanna leide a thairiscint, amhail iad sin a sholáthraítear ar lch 12 in Aguisín 1, chun pleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil an scoláire a spreagadh le linn an phróisis, agus chun tacú leis sin
- an scoláire a spreagadh chun díriú ar cheanglais na treorach agus a chuid oibre a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- treoir a thabhairt don scoláire i bhforbairt leanúnach a scileanna taighde
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais agus tagairt á déanamh agus ar an ngá atá le haon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain ar acmhainní cuí a éascú
- socruithe rochtana cuí a chur ar fáil d'aon scoláire ag a bhfuil riachtanais foghlama bhreise, de réir na forála ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le freastal réasúnta

- an scoláire a chur ar an eolas gur gá dó aon rialacháin nó ceanglais éigeantacha ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), rochtain a fháil ar réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach, srl.
- aiseolas a úsáid go cuí chun cur chuige machnamhach a chur chun cinn maidir le hobair ar an Tionscadal Gníomhaíochta
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an Tionscadail Gníomhaíochta a éascú
- aird an scoláire a tharraingt ar aon riachtanais maidir le cur isteach *Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta* mar a shonraítear sa treoir
- deiseanna a chruthaíonn an Tionscadal Gníomhaíochta chun príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt a chur chun cinn.

Chun an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart don mhúinteoir plé go rialta le hobair an scoláire ar an Tionscadal Gníomhaíochta.

Ba cheart don mhúinteoir a bheith ar an eolas nach féidir ach obair ar leis an scoláire féin í a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú agus nach mór do gach scoláire a chuid oibre a chur isteach ar bhonn aonair.

Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas a chuirtear ar fáil don scoláire ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach nó mhíchuí a sholáthar don scoláire, amhail obair dréachta a chur in eagar nó samhail-téacs nó freagraí a sholáthar lena n-úsáid i n*Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* de chuid an scoláire.

# Aguisíní

## Aguisín 1: Ceisteanna leide molta chun tacú leis an scoláire sa phróiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích

Taighde a dhéanamh ar an treoir

- Cad atá mé ag iarraidh a fháil amach faoin topaic?
- Cad atá ar eolas agam faoin topaic cheana féin?
- Cén t-eolas atá de dhíth orm?
- Cén áit inar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Taighde a dhéanamh ar ghníomh a rinne daoine eile

- Cad iad na samplaí de ghníomhartha a rinne daoine eile a bhreithneoidh mé?
- Cén gníomh sonrach a bhféachfaidh mé air?

Cinneadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar leith chun aghaidh a thabhairt uirthi

- Cén fhís atá agam don chaoi a dtabharfar aghaidh ar an tsaincheist seo?
- Cad atá ag cur cosc ar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist faoi láthair?
- Cad a tharla go bhfuil cúrsaí mar atá siad anois?
- Cén dóigh a mbaineann an tsaincheist seo leis an ábhar sa treoir?
- Conas a bhraitheann daoine eile faoin tsaincheist? Conas a bhraithim féin faoi?
- Cad go díreach ba mhaith liom a bheith ag obair ina threo?

Plean gníomhaíochta a chruthú

- Cá bhfuil an gníomh á dhéanamh agus cén tréimhse ama atá i gceist leis?
- Cad iad cuspóirí sonracha mo phlean gníomhaíochta?
- Cad iad na tascanna atá ag teastáil le go mbainfear na cuspóirí sin amach?
- Cé atá páirteach i ngach tasc a dhéanamh?
- Cad a ndíríonn gach tasc air? Cén lucht(anna) féachana/éisteachta atá i gceist?
- Cad iad na hacmhainní/scileanna atá ag teastáil?
- Cad é an tréimhse ama le gach tasc a chríochnú?
- Conas a dhéanfar monatóireacht agus taifead ar dhul chun cinn?
- Cén cineál fianaise a bhaileoidh mé chun tionchar an ghnímh a léiriú? Cén chaoi a mbaileoidh mé an fhianaise sin?

## Aguisín 2: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis í tagairt a dhéanamh mar tugann sin deis dóibh sin a léann *Dialann an Tionscadail Gníomhaíochta* plé ar bhealach níos fearr leis an ábhar agus an t-eolas a sholáthraítear sa tagairt a dheimhniú. Is é an bealach is oiriúnaí é don scoláire chun aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon eolais, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leis féin iad agus atá curtha san áireamh aige ina Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis.

Ach tagairt a dhéanamh is féidir leis an scoláire fianaise a sholáthar ar an taighde ar phléigh sé leis, cuidíonn sin le tacaíocht agus tábhacht a thabhairt d'argóintí agus tátail, agus is féidir sin a úsáid chun a thaispeáint gur mheas agus gur fhiosraigh an scoláire peirspictíochtaí difriúla.

Ba cheart don scoláire tagairtí a thabhairt laistigh dá shaothair (lua sa téacs) agus freisin sa chuid tagairtí de *Dhialann an Tionscadail Gníomhaíochta*. Trí lua sa téacs a úsáid soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann an scoláire agus an taighde ar a bhfuil a chuid oibre bunaithe.

Sampla:
Maidir le scoláire atá ag baint úsáid as ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?* d'úsáidfeadh sé an lua sa téacs (lch 57, McLeskey, 2013) agus rachadh sé ar aghaidh ansin freisin chun sonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.

Sa chuid tagartha dá cháipéis, ba cheart don scoláire na sonraí cuí a sholáthar d'aon fhoinsí a d'úsáid sé le linn an Tionscadail Gníomhaíochta dá chuid amhail:

- leabhair, nuachtáin, irisí
- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, ina measc físeáin, podchraoltaí, srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha
- ábhar arna ghiniúint ag bogearraí intleachta saorga (IS) agus aipeanna IS. Eiseofar eolas sonrach faoi sin i dtreoir na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus i gcáipéisí gaolmhara ó CSS.

Ní chuirtear an chuid tagartha san áireamh sa líon focal. Tá sé ina chuidiú tagairt chuimsitheach a dhéanamh chun a thaispeáint gur thug an scoláire faoi chleachtais taighde mhacánta agus eiticiúla agus gur sheachain sé bradaíl. Ba cheart tagairt a dhéanamh ar bhealach chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, cuid i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó físeán, srl.

Tá bradaíl ina cion tromchúiseach agus tarlaíonn sí nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan foinse na hoibre a aithint go soiléir. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as aipeanna IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan aitheantas cuí agus is féidir go ngearrfar pionós as sin, suas le torthaí gaolmhara a choinneáil siar, agus an méid sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh ag an scoláire do na foinsí a d'úsáid sé i n*Dialann an Tionscadal Gníomhaíochta* dá chuid, ba cheart dó a áirithiú, beag beann ar an gcineál foinse, go bhfuil go leor sonraí cruinne ann chun gur féidir leis an léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú. Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

**Conas ba cheart don scoláire tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla?**

- I gcás ina bhfuil foinsí scríofa nó eolas i gcló á lua ag an scoláire, ba cheart dó ainm an údair a thabhairt, chomh maith le teideal an fhoilseacháin, bliain an fhoilseacháin, agus, más gá, an uimhir leathanaigh nó an chaibidil/an chuid den fhoilseachán.
- I gcás inar mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh gréasáin nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun a chumasú don léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta léite nó íoslódáilte.
- I gcás inar bhain an scoláire úsáid as ábhar a gineadh le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a aithint. Ba cheart a áireamh leis an tagairt ainm na huirlise IS a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-ábhar agus ba cheart míniú gairid a sholáthar léi ar conas a úsáideadh í. I gcás roinnt mhaith uirlisí intleachta saorga giniúnaí gintear URLanna inroinnte lena leagtar amach ábhar seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a áireamh sa liosta d'fhoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise, agus an leid a úsáideadh, a lua.

| Samplaí de lua sa téacs do chineálacha difriúla foinsí |
| --- |
| **Leabhar:**<br>(lch 57, McLeskey, 2013) |
| **Alt nuachtáin/irise:**<br>(Hearne, J., 30/08/2024) |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne:**<br>(thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices) |
| **Fuaim arna rochtain ar líne:**<br>(Clár 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250) |
| **Físeán arna rochtain ar líne:**<br>(3:20 go 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ) |
| **Uirlisí IS (le URL inroinnte)**:<br>(chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940) |

| |
|---|
| **Uirlisí IS (gan URL inroinnte):**<br>(OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023) |

| Samplaí de thagairtí do chineálacha difriúla foinsí |
|---|
| **Leabhar i liosta tagairtí:**<br>McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán. |
| **Alt nuachtáin/irise**<br>Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**<br>Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24 |
| **Fuaim arna rochtain ar líne**<br>Philip Boucher Hayes, RTE, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podchraoladh, dáta cruthaithe: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta rochtana: 10/11/23 |
| **Físeán arna rochtain ar líne**<br>ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Scannán, dáta cruthaithe 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, ó 3 nóiméad 20 soicind chuig 5 nóiméad 45 soicind. |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla le URL inroinnte arna ghiniúint ag an Uirlis IS:<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940 |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla gan URL inroinnte<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment